

## ‘Cnoc Mellerí’ an Ríordánaigh *Chiaroscuro* an Chreidimh

*Tadhg Ó Dúshláine*

An chodarsnacht ghluair sin idir solas agus dorchadas (ón Iodáilis, *chiaro* a chiallaíonn ‘soiléir’, agus *oscuro* a chiallaíonn ‘doiléir’) sa phéintéireacht bharócach, is maith mar a oireann sé do dhráma na coimhlinte pearsanta idir collaíocht an ego agus spioradáltacht an anama, a chuirtear inár láthair sa dán ‘Cnoc Mellerí’ de chuid an Ríordánaigh.<sup>1</sup> Is sa phictiúr *An Suipeár ag Emmaus* le Caravaggio, a fhaightear an fhorbairt is fearr ar theicníocht an *chiaroscuro*, b’fhéidir: codarsnacht dhrámatúil idir síocháin agus suaimhneas Chríost agus fuastar a dheisceabal agus amhras an tábhairneora; idir diamhaireacht na scáth agus spiacáíocht na ndathanna agus gléine an tsolais. Agus an coimpléacs ar fad ina mheafar don anbhuaín a leanann den choimhlint idir maith agus olc, a fháiscítear, sa chás áirithe seo, as taithí phearsanta an ealaíontóra féin, sa tslí is gur maith mar oireann a ndeirtear faoi Charavaggio don Ríordánach:

He is capable of dramatic clamour as well as utter silence. He violently rejects tradition but is tied to it in a hundred ways. He abhors the trimmings of orthodoxy and is adamant in disclaiming the notion that supernatural powers overtly direct human affairs, but brings the beholder face to face with the experience of the supernatural. But when all is

said and done, his types chosen from the common people, his magic realism and light reveal his passionate belief that it was the simple in spirit, the humble and the poor who held the mysteries of faith fast within their souls.<sup>2</sup>

Osclaíonn ‘Cnoc Mellerí’ in áit faoi leith ag am faoi leith agus deintear athnascadh ar an oscailt sin sa véarsa deireanach, faoi mar a bheadh dúnadh foirmeálta clasaiceach ann, d’fhonn clabhsúr connail slachtmhar a chur leis an ócáid agus leis an eachtra a athchruthaítear sa dán. Ach baintear casadh iomlán as seintimint na hoscailte sa dá líne dheireanacha – línte suaimhneacha dóchasacha, i gcodarsnacht le hanbhuaín na sceimhle ina thosach, gluaiseacht a fhágann cosúlachtaí áirithe idir céimeanna an dáin seo agus ‘The Collar’ de chuid George Herbert.<sup>3</sup>

Is tigh ina lár tá corp an dáin mar a bhfuil dráma an aighnis seo idir corp agus anam agus b’fhéidir a thaispeáint, is dóigh liom, go bhfreagraíonn na trí coda seo do chéimeanna foirmeálta na míúine a fhaightear san fhilíocht mheitifisiciúil agus a bhfuil cur síos chomh pointeálta san déanta ag T. S. Eliot uirthi nuair a thagraíonn sé don ‘strain of passionate, paradoxical reasoning which knits the first line to the last.’<sup>4</sup>

Ba é an scoláire, Louis Martz, ina leabhar ceannródaíochta *The Poetry of Meditation*, a chuir isteach an cóngas gaoil seo idir disciplín na filíochta agus disciplín na míúine. Ag tagairt don 17ú haois deir sé:

At the same time, the enormous popularity of methodical meditation in this era may be attributed to the fact that it satisfied and developed a natural, fundamental tendency of

the human mind – a tendency to work from a particular situation, through analysis of that situation, and finally to some sort of resolution of the problems which the situation has presented. Meditation focused and disciplined the powers that a man already possessed, both his innate powers and his acquired modes of logical analysis and rhetorical development. The process of meditation, then, is not an isolated factor in this poetry; it exists, I believe, as a fundamental organizing impulse deep within the poetry.<sup>5</sup>

Is léir cosúlachtaí láidre struchtúir, stíle agus foclóireachta idir ‘Cnoc Mellerí’ agus ‘Adhlacadh mo Mháthar’: sa dá chás tá na véarsaí oscailte agus clabhsúir ag freagairt dá chéile agus corp machnaitheach, anailíseach an dáin eatarthu istigh. Is é sin le rá, gur dánta meitifisciúla den scoth iad a fáisceadh as traidisiún na míúine, mar a bhfaighimid an *compositio loci* (cruthú suímh) ina dtosach, anailís ar an ábhar ina lár, agus dúnadh, faoi mar a bheadh paidir chlabhsúir ina ndeireadh, chomh foirmeálta le cleachtas na filíochta clasaicí. Tá ionannas foclóra agus íomhá sa dá dhán sna focail fhileata ‘meidhir’ agus ‘balsam’ – a bhfuil sinsearacht ársa acu sa bhfilíocht chráifeach – agus an ‘bheach mhallaithe’ i ndán acu ag freagairt do na ‘manaigh mar bheachaibh ag fuaimint im cheann’ sa dán eile. As an oidhreacht Chaitliceach inar oileadh é an féinaithisiú a leanann de ‘dreancaidí na drúise’ in ‘Cnoc Mellerí’ agus ‘m’anam drúiseach’ in ‘Adhlacadh mo Mháthar’. Ón aigne chéanna an beag is fiú a dhéanann an file dá iarrachtaí féin i ndeireadh an dá dhán: ‘...ranna beaga *bacacha* á scríobh agam’, ‘...an *súgán* seo filíochta’. (Liomsa an bhéim.)

Dán míúine, mar sin, a bhfuil cuid mhaith de threalamh an tseánra tugtha leis ag an bhfile ann, i bhfios nó i nganfios dó féin, is ea ‘Cnoc Mellerí’. Agus cad é mar *compositio loci* atá againn anseo ina thús, idir mheafair agus shamhlacha, idir uaim agus athrá agus onamataipé na déistine:

Sranntarnach na stoirme i Mellerí aréir  
Is laethanta an pheaca bhoig mar bhreioiteacht ar mo  
chuimhne,  
Laethanta ba leapacha de shonaslúmh an tsaoil  
Is dreancaidí na drúise iontu ag preabarnaigh ina mílte.

Tá sceimhle ifreanda le brath ar an ionchollú a dhéantar ar na scrupaill Chaitliceacha anseo: stoirm agus dorchadas a dhéanann coincreítíú ar anbhúain an chainteora agus an sranntarnach gránna san a mhacallaíonn fis apacailipteach Aogáin Uí Rathaile ‘an t-am d’aistrigh go Duibhneachaibh’.

Tá ornáidíocht na reitriche ag cur leis an áibhéil dhuibheagánta: uaim – s...s, b...b, l...l, s...s, d...d; athrá – ‘laethanta’; samhail – ‘mar bhreioiteacht’; meafair – ‘leapacha’, ‘dreancaidí’. Agus tá na samhlacha agus na meafair chéanna luchtaithe lán de shinsearacht liteartha. Toradh ar an bpeaca ba ea an bhreioiteacht riamh anall. Beachtaíonn an t-athrá ar ‘laethanta’ agus an chomhuaim idir ‘peaca’ agus ‘leapacha’ an cineál peaca atá ag luí ar a choinsias. Déantar ionchollú ar an bpléisiúr leis an bhfocal ‘sonaslúmh’, réarma tríúil a thugann cathú an Chéitinnigh chun cuimhne sa líne sin, ‘Is luí i do chuilt shuain’, sa liric cháiliúil, ‘A bhean lán de stuaim’. An déistin a leanann den únfairt seo i sámhas agus sáile an

tsaoil atá i gceist le ‘dreancaidí na drúise’ – ceann de na míolta míofara sin a úsáidtear i dtraidisiún na cráifeachta le cur síos a dhéanamh ar shamhnas an pheaca. Mar seo atá ag an gCéitinneach in *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis*:

As a ndubhramar go ró so, is follus go ndéin Dia díoghaltas ar na daoineibh tréna bpeacaibh, 7 go ndéin oirnise do chréatúiribh ré míoshuaimhneas do chor ar an bpeachtach, 7 fós do chréatúiribh dearóile, mar thár ar lucht an díomais, gémadh í an choirr-mhíoltóg nó an chuil, an tsnidh, an míol, nó an deargnait iad. As a ndubhramar, is follus méad an dochair tig do dhéanamh an pheacaidh, ag torimeasg an duine ó thriall i ród díreach na haithrighe. (9788 – 9795)

Cuireann stair bhreiteacht phearsanta an údair toise breise leis an íomhá seo, nuair gurb í an dreancaid iompróir na heitinne, an chúis b’fhéidir, go raibh an oiread san gráine uirthi. Pictiúr cruthanta d’anbhuaín phearsanta an fhile atá san oscailt dhrám-athúil seo, mar sin.

Fógraíonn an t-athnascadh ar na línte oscailte sa véarsa clabhsúir deireadh foirmeálta leis an miúin seo is ábhar don dán, agus pé ní é i dtaobh na máchailí a fheiceann sé ar a chuid iarrachtaí filíochta féin le go dtabharfadh sé ‘súgán’ orthu, ina dhiaidh sin is uile, fiú más greim fhir bháite féin é, is léas beag dóchais i lár an duibheagáin aige iad, dála na coinnle in ‘Claustrophobia’<sup>6</sup> lá is faide anonn.

Faoi mar atá san oscailt agus sa dúnadh, úsáidtear an t-athrá tríd síos i gcorp an dáin d’fhonn na coda difriúla a sníomh in aon

aonad staidéartha machnaimh agus filíochta amháin, i slí a dhearbhaíonn go raibh smuta den cheart ag Wordsworth nuair d’áitigh sé gurb é a bhí san fhilíocht ná ‘emotion recollected in tranquility’.

Tá corp an dáin comhdhéanta de na radharcanna seo a leanas:

véarsaí 2-4: pearsantú rómánsúil na spioradáltachta

véarsaí 5-9: amhras agus borradh an ego

véarsaí 10-14: óráid an ego

véarsa 15: idirvéarsa

véarsaí 16-18: aithrí agus faoistin

véarsaí 19-21: speach deiridh an ego.

#### *Véarsaí 2-4*

Tá gile agus gairdeas liricí na manach anseo agus claochlú obann dulta ar an láthair: an stoirm ina sí gaoithe, an srantarnach ina cantaireacht. Athchruthaíonn na focail allabhracha, ‘meidhir’ agus ‘balsam’, gliondar na seanlaethanta san nuair a bhí an saol ina mhaidin bhán.<sup>7</sup>

Baineann diamhaireacht na físe leis an gcéad véarsa eile agus an scaladh gréine sin a shoilsíonn ealaín na seanmháistrí: Sanas an Aingil le Raphaelo nó Glaoch Mhatha le Caravaggio, mar shampla.

Ach níl díograis seo an aithrígh ná an oilithrígh fadsaolach agus

faigheann an t-amhras, an lag trá a leanann den chéadfhlosc aithrí, an lámh in uachtar ar an ngile is ar an dóchas. Seo chéadfhógairt na coimhlinte: an ‘manach bán’ ina ‘manach namhdach’.

#### Véarsa 5

Titeann an pictiúr sláintiúil sin in easláinte: ‘casachtach an chloig’ – agus ní meafar éifeachtach amháin é, ach faoi mar a bhí leis na ‘dreancaidí’ thuas, éadóchas a fáisceadh as taithí an té a mbuailfeadh an taom casachraí go rialta é. Agus tá carthanacht agus sólas rann a trí ruaigthe go foréigneach anseo:

Do múchadh an manach bhí déanta de ghréin  
Is do scoilteadh an focal ’na phloic.

Is i dtraidisiún tíriúil an ghrinn ba cheart an manach seo a shuíomh, dar le Seán Ó Tuama, agus soláthraíonn comhthéacs agus luann na téarmaí francacha *surréalisme* agus *grotesquerie* le samplaí áirithe.<sup>8</sup> B’fhéarr liom féin an téarma *macabre* don sampla áirithe seo agus ní ó thraidisiún an raibiléiseachais Eorpaigh é ach ó ghothaí scanrúla áibhéileacha an anama agus an choirp san *Dialogus inter corpus et animam*.<sup>9</sup>

#### Véarsa 6

Déantar an choimhlint seo a láithriú go drámatúil le linn na Coimpléide – Complin – oifig dheireadh an lae – ceithre cinn de véarsaí go dtí go mbíonn an bua ag an ego agus go lainseálann isteach i mallachtú buile ar an anam a théann thar cailc ar fad. Cuireann an chodarsnacht idir an dá shaol an choimhlint abhaile go drámatúil agus an uaim ag cur le fórsa na reitriche:

Bhí beatha na naomh seo chomh bán le braitlín  
Is sinne chomh dubh leis an daol.

‘Daol’ san na huaighe atá chomh mór sin i dtreis sa *Dialogus* agus i dtéama an bháis i gcoitinne atá i gceist.

#### Véarsa 7

Géaraítear ar an gcéasadh intinne a fhulaingíonn an t-aithríoch truacánta sa chéad dá líne eile i portráid nach neamhchosúil lena bhfaighimid sa phéintéireacht bharócach: í sin de Naomh Proinsias ag éamh ar Dhia as an duibheagán le Zurbarán nó Caravaggio, mar shampla:

Allas an phaidrín brúite im lámh,  
Mo bhríste dlúth-tháite lem ghlúin.

Déantar claochlú apacailipteach ar an radharc ar fad: ‘sochraid chochallach manach’ in áit ‘síghaoithe coiscéim’; iompaíonn an mheidhir ina lagmhisneach: ‘Ba shuarach leat féachaint a thabhairt.’

#### Véarsaí 8 - 9

Déantar gliúcaíocht stobarnálta, le hionadh is le halltacht, faoi mar a dhein na Giúdaigh ar aiséirí Lazarus. Tá an ghrian a bhí ag léitheoireacht faoi urú ag ‘tiubhsamall de chluimh liath na cille’. I ndán eile dá chuid áitíonn an Ríordánach: ‘naoimh is leanaí / a bhogann clúmh liath / de cheannaithe Chríost / nó de smaointe’,<sup>10</sup> agus ní ceachtar acu anois é féin.

*Véarsaí 10-14*

As iomar seo an éadóchais ina mbraitheann sé é féin a chloiseann sé cluanaireacht mhealltach an ego. Tá faobhar agus taithí an traidisiúin faoin bhfogha a thugann an ego faoi shuáilcí an chreidimh agus é ag mórardh na nduáilcí sin is dual don tsaoltacht. Tá sé lán, chomh maith, den bhuaileam sciath is den gheáitsíocht iomarcach sin atá mar dhlúthchuid d'aighneas an pheacaigh leis an mbás. Cuireann an rith ar aghaidh, an anafara agus an carnadh, go mór le reitric an áitimh anseo agus macallaíonn eilimintí den óráid siar trí thraidisiún an *Dialogus* chomh fada leis *An Leabhar Breac*.

Bhí tionchar nach beag ag Yeats ar an aigne chéasta seo a léirítear in 'Cnoc Mellerí', dar le hEibhlín Nic Ghearaill:

I lár na ndaichidí a cumadh 'Cnoc Mellerí' – tráth a raibh filíocht Yeats léite agus athléite ag Ó Ríordáin – agus is dóigh linn gur neartaigh an file Angla-Éireannach leis an macántacht arb í an tréith is suaithinsí í atá ag baint leis an dán trí chéile.<sup>11</sup>

Más ea, ní fheicimse aon chosúlacht idir 'Cnoc Mellerí' agus 'A Dialogue of Self and Soul' de chuid Yeats, dhá iarracht ar aon mhúnla, ach amháin sa scéala dóchais ina ndeireadh, b'fhéidir. Ach ar éigean is féidir an chreidiúint don fhrídín beag dóchais lena gcríochnóinn 'Cnoc Mellerí' a thabhairt do na línte lánmhuiníne sonasacha sin lena gcríochnaíonn iarracht Yeats:

I am content to follow to its source  
Every event in action or in thought;  
Measure the lot; forgive myself the lot!  
When such as I cast out remorse  
So great a sweetness flows into the breast  
We must laugh and we must sing,  
We are blest by everything,  
Everything we look upon is blest.<sup>12</sup>

Ná ní fheicim aon chosúlacht idir iarracht Uí Ríordáin agus an dá iarracht de chuid Henry Vaughan ón 17ú haois; ná in iarrachtaí Andrew Marvell ach an oiread, ach na cosúlachtaí fánacha i dtíriúlacht an íomhára, cosúlachtaí is féidir a thagairt do na foinsí comónta traidisiúnta a bhí ag an mbeirt fhilí: faoi mar aithnítear, mar shampla in

On these downy Pillows lye,  
Whose soft Plumes will thither fly ...

de chuid Marvell<sup>13</sup> agus 'laethanta ba leapacha de shonaschlúmh an tsaoil' de chuid an Ríordánaigh.

Is dóigh liom féin go bhfaightear eiseamláir urlabhra an ego i ndán an Ríordánaigh ina leithéid seo d'óráid de chuid an Bháis ó 'Aighneas an Pheacaigh leis an mBás':

... An uair is méin leo filleadh ó chuirpeacht Shátan,  
Deir sé 'rís leo 'na gcroíthe go lánghlic;  
Nach bhfuil Dia chomh dian is thráchtar,  
Is nach daorfar chuige an duine macánta.

A deir sé fós gan gó gach lá leo,  
 Go bhfuil an aimsir fada chun casadh ar an aithrí;  
 Gan géilleadh thabhairt do shagart ná bhráthair,  
 Ach leanúint dá ngreann go ham na hársaí.<sup>14</sup>

Cuid eile d'urlabhra an ego agus an Bháis is ea cothú na sceimhle i dtéarmaí iomarcacha, áibhéileacha. Cuid lárnach den ealaín bharócach an teicníc seo d'fhonn ionadh agus alltacht a chothú, agus is minic míthuiscint ar lucht critice faoin a éifeacht, faoi mar a bhíonn go deimhin, faoin bhfocal 'barócach' féin.<sup>15</sup> Is é an éifeacht atá le carnadh na n-íomhánna apacailipteacha, sa rith ar aghaidh, agus san anafara i véarsaí 11 agus 12, ná ionannú a dhéanamh idir an ego agus an diabhal:

... Do chuirfeadh sé cochall ar ghréin:

Do scaipfeadh an oíche ar fud an mheán lae,  
 Do bhainfeadh an teanga den abhainn,  
 Do chuirfeadh coir drúise in intinn na n-éan  
 Is do líonfadh le náire an domhan.

Ó fhís Lá an Luain a shíolraíonn a leithéid sin, creidim:

Beidh an spéir ar buile, is titfidh na réalta,  
 Beidh tíortha ar bogadh 's ag oscailt ó chéile,  
 Beidh an fharraige ar lasa ag imeacht 'na caora,  
 Agus clocha 'gus crainn lena linn ag réabadh.

An chomhbhá agus an truamhéil a bhraithimid don Ríordánach ar láthair a chéasta agus sceimhle a anama á cur i bhfriotal aige, aithnímid an mothú céanna mórán, i leagan gleoite an Chéitinnigh in *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* de scéal a d'aistrigh sé ó *Leabhar na Seacht d'Tíolacadh – Liber de Septem Donis*, go háirithe san aighneas idir an t-anam (an bráthair críonna) agus an corp (an bráthair amadánta) faoina gcruachás:

Tug an bráthair críonna a mhallacht don bhráthair leamh agá rádh gurab tréna leimhe-sean, iar dtogha an róid roileathain sin, tarla san ghuais sin é. Freagrais an bráthair amadánta, 7 adubhairt, 'mallacht ort-sa (ar sé) 7 is córa a chion sin do bheith ort-sa ioná orm-sa, do bhríogh gurbh fheasach thú gurbh amadán mé, 7 uime sin nár chóir dhuit creideamhain damh, ná mo chomhairle do dhéanamh.' (9633-40)

Sroicheann óráid an ego buaic leis an tagairt do Dante, agus is tagairt chruinn é don idéalú a dhéantar ar Bheatrice in Canto 2 den *Inferno* ('con angelica voce, in sua favella / 'S dúirt 'na canúin mar déarfadh aingeal bréithre'<sup>16</sup>). In ainneoin na tíriúlachta, na collaíochta fiú, atá le braistint ar 'Ní bhlaifidh sé choíche tréanmheisce mhná' is feidhm mheafnach atá leis an dtagairt seo do Bheatrice, ionchollú ar idéal plátónach an ghrá, mórán mar a dhéanann Bernini claochlú ar ghothaí na collaíochta d'fhonn eacstais Threasa Avila a chur in iúl.

*Véarsa 15*

San idirvéarsa a leanann tá an file faoi mar a bheadh sé lasmuigh de dhráma seo na coimhlinte ina anam istigh. Seo uair na hachainí do phersona mheitifisiciúil an Ríordánaigh a dhiúltaíonn do chathú an ego intleachtúil agus a roghnaíonn bóthar na haithrí, umhal ó chroí, a thabhairt air féin. Sin é díreach an teicníc chéanna míúine a bhí in úsáid ag Aodh Mac Aingil san Duan Nollag: déanann iarracht ar dtús dul i ngleic le mistéir an ionchollaithe trí mheán an réasúin; diúltaíonn dó nuair nach n-éiríonn leis; agus ansan tugann bóthar an chreidimh air féin. As freachnamh laethúil na míúine a eascraíonn an teicníc seo, dar leis na scoláirí:

The concepts of Neoplatonic philosophy were brought home to the everyday live of man.... In such training, I believe, we find the roots of the 'peculiarity of the metaphysical poets'... they constantly connect the abstract with the concrete, the remote with the near, and the sublime with the commonplace. More generally, we may also see in these practices the roots of that power of detachment which enables the speaker in these poems to analyze a problem even while he participates in the dramatic action: the ability to hold the experience off at arm's length, inspect it, explore it, judge it ...<sup>17</sup>

*Véarsa 16*

De thoradh an rinnfheithimh seo tugtar aghaidh an athuair ar bhóthar na haithrí leis an bhfoirmle is gnáthach i bhfilíocht den saghas seo 'D'fhéachas', a bhfuil sainchiall na Laidine, *imaginare* nó *contemplare* leis sa chomhthéacs seo.

Déanann an t-athrá ar an gcruthrú suímh sa líne 'an paidrín brúite im *dhóid*' béim a leagan ar an gníomh pearsanta aithrí atá mar thoradh ar a ghníomh creidimh an uair seo timpeall, murab ionann agus an iarracht phatuar ar dtús (véarsa 7) nuair a thug an ego an svae leis: 'allas an phaidrín brúite im *láimh*' (Liomsa an cló iodálach). Is *via dolorosa* ceart anois aige é, áfach, an tsúil siar seo aige ar 'fhásach' a shaoil, ar na 'blianta urghránna neantóg'. Cuid lárnach de thráchtairacht na heaglaise le cur síos a dhéanamh ar *accidia*, ar mheirtne an spioraid, is ea caint mheafarach den sórt seo timpeall ar chúrsaí curadóireachta, íomhára atá buanseasmhach i stair na litríochta ó aimsir na salm. An meafar céanna atá in úsáid ag Seán Ó Coileáin ina 'Oíche dhom go doiligh dúch' ('neantóg rua it úrlár úr')<sup>18</sup> le díomúaine na beatha a chur in iúl; agus sa dán oilithreachta 'An turas' de chuid Nuala Ní Dhomhnaill, déanann sí gairdeas gur thug sí na cosa léi ó uafás an fhásaigh:

... níl mo ghairdín ina fhásach  
níos mó; tá dhá phósae bhreátha  
ag eascar ann go rábach.  
Is i lár an gheimhridh istigh,  
i gcroí an dúluachair,  
misneach agus intinn ard is ainm dóibh.<sup>19</sup>

*Véarsa 17*

Is mór idir an duibheagán seo agus idéal platónach na foirfeachta a chíonn sé i mbeatha na manach anonn, rud a chuireann i leith na mharana é: 'Bhí m'aigne cromtha le ceist' – léiriú cumasach ar a thranglam intinne, ionchollú coincréiteach ar staid theibí an *homo sapiens*, chomh cruthanta le dealbh cháiliúil Rodin.

Géaraítear ar an gcodarsnacht idir an staid a léirítear sa dá véarsa seo tríd an gceangal leis an athrá ar an mbriathar oscailte céanna, ‘D’fhéachas’. Cuireann seo leis an gcur is cúiteamh, an dearbhú agus an bréagnú, an tsáraíocht ar a chéile ón dá thaobh in intinn an fhile, mórán mar a dhéantar léiriú drámata ar an gcoimhlint sa *Dialogus*.

### *Véarsaí 18-19*

Cuireann an chodarsnacht chointinneach idir an chéad dá véarsa eile le teannas an dráma seo agus anam an fhile idir dhá cheann na meá, idir a dheastógáil chun na bhFlaitheas (‘Ba dhóbaire dom tuirling ar Neamh’) agus a dhíbirt as, de bharr a chuid uabhair, ar nós Lúisifir:

Ach do bhlaiseas, uair eile, iontaoibh asam féin...

Is gur thiteadar m’fhocail ó Neamh.

Saintéarma in aeistéitic an Ríordánaigh, dar ndóigh, is ea an briathar céadfach ‘bhlaiseas’. Is é is bun lena thuiscint ar cad is filíocht ann sa deismireacht cháiliúil aige sa réamhrá le h*Eireaball Spideoige*:

Cad is filíocht ann? Aigne linbh? Samhlaigh beirt i seomra, leanbh agus a athair, agus capall ag gabháil na sráide lasmuigh. Féachann an t-athair amach agus deir: ‘Sin capall Mháire ag dul thar bráid.’ Sin insint .... Ach an leanbh – airíonn sé fuaim an chapail. Blaiseann sé fuaim an chapail ar son na fuaim féin .... Sin bheith – bheith faoi ghné eile. Agus sin, dar liom, filíocht.

An gníomh samhlaíochta atá i gceist anseo deineadh beachtú air mar chuid lárnach de chleachtas foirmeálta na míúine, sa dá bhunriail, mar atá, an *compositio loci* agus an *applicatio sensuum*.

### *Véarsa 20*

Buaic an uabhair atá i ndiamhaslú an ego sa chéad véarsa eile agus tugann tranglam agus neafais na comhréire agus tíriúlacht na bhfocal, géire na coimhlinte idir mhaith agus olc leo. Tá dul na cainte ar an gcéad líne in éagmais na copaile: ‘[Is] Buarach ar m’aigne eaglais Dé’. Is éachtach mar a aimsíonn sé meafar chomh dúchasach leis an mbac a chuireann aitheanta agus rialacha na heaglaise ar an tsaoirse machnaimh a chur in iúl, chomh héifeachtach dúchasach le ‘ráthaíocht’ na gramadaí sa dán ‘Fill Arís’, nó an leath-aigne ná meileann in ‘A Theanga Seo Leath-Liom’.<sup>20</sup> Is éifeachtaí fós é mar léiriú ar stimpúlacht an ego nuair a chuimhnítear gur meafar cosúil leis a bhíonn in úsáid go traidisiúnta d’fhonn an umhlaíocht is riachtanas don bheatha chráifeach a chur in iúl: ‘faoi chuing na cráifeachta’. Comhartha ar fhíoch buile agus ar mhíréasúntacht an ego is ea an léim a thugtar sa chéad líne eile ag mallachtú an tsagairt: ‘ar shagart do ghlaofainn coillteán’. Dul na cainte arís i masla líne a trí: ‘Béalchráifeacht [is ea] an creideamh, ...’; agus ritheann an líne ar aghaidh ina rith seama mar chomóradh ar lá dár saol an eipiciúrachais:

... ól gloine gan lean,

Mairfeam go dtiocfaidh an bás!

Laochas an té nach bhfuil sé de mhisneach ná de chumas ann a



leithéid a dhéanamh, mar nach ligfeadh a aigne Chaitliceach ná a chorp leochaileach dó.

### *Véarsa 21*

Sa véarsa leathdheireanach fágtar faoi mhearbhall ceart é tar éis na coimhlinte. Macallaíonn samhail na chéad líne, ‘Manaigh mar bheachaibh ag fuaimint im cheann’, véarsa oscailte ‘Adhlacadh mo Mháthar’: ‘... beach mhallaithe ag portaireacht mar screadsracadh ar an nóinbhrat’ – samhail, sa dá chás den chrá agus den bhuairet a bhí air ag pointí cinniúnacha ina shaol: bás a mháthar, Feabhra 1947; agus, aothú creidimh, thart ar bhliain roimhe sin, má tá aon bhunús leis an léamh atá á dhéanamh ar ‘Cnoc Meller’ againn. Dearbhaítear an mearbhall leis an athrá sa dara líne: ‘M’aigne cromtha le ceist’; agus leis an meascán mearaí i líne a trí: ‘Nótaí ag rothaíocht anonn is anall.’

Tá sé le léamh ar an líne dheireanach anseo ‘Deireadh le Complín de gheit’, gur deineadh an dara babhta miúine seo (16-21) le linn coimpléide an dara oíche, rud a fhágann gur deineadh an chéad bhabhta (6-14) an chéad tráthnóna sin a chomharthaítear ag tús véarsa 6:

Buaileadh clog Complín is bhrostaigh gach aoi  
Maolchluasach i dtreo an tséipéil.

Tá an chuma ar an scéal chomh maith, gurbh é séipéal na mainistreach láthair an dá bhabhta san agus gur athchruthú, uair éigin tar éis filleadh abhaile dó, ar an eachtra áirithe seo ina shaol atá sa dán ina iomláine. Cuid de logánú drámatúil an athchruthaithe san

is ea an comhartha ama ‘aréir’ agus gan de fheidhm aige ach sin, is dóigh liom.

Ní raibh ach an t-aon léirmheastóir Éireannach amháin, go bhfios dom, a d’aithin an t-éacht meitifisiciúlachta a dhein an Ríordánach in ‘Cnoc Meller’. Tar éis di ardmholadh a thabhairt d’aiste léirmheasa an Tuamaigh ar fhilíocht an Ríordánaigh a foilsíodh in *An Siol*, bhí an méid seo a leanas le rá ag Máirín Ní Mhuiríosa:

... nílím ar aon intinn leis ar aon chor sa méid atá le rá aige i dtaobh ‘Cnoc Meller’, ceann de dhánta fada Uí Ríordáin. In ainneoin an mholta a thugann sé don dán mar phíosa léitheoireachta, braitheann sé go bhfuil príomh-théama in easnamh air, nach bhfuil ann, mar adeireann sé féin ach “cúntas scoilte gan cnámh droma ar bith.”<sup>21</sup>

Cleachtas sláintiúil is ea an t-easaontas critice seo a chothaíonn díospóireacht shláintiúil timpeall shaothar an fhile agus nua-fhilíocht na Gaeilge i gcoitinne. Ach d’éag an guth seo, i gcás an Ríordánaigh go háirithe, agus táimid taobh le tuairim agus le rogha scoláire amháin, don gcuid is mó, faoinar cheart nó nár cheart a cheadú i gcanóin an fhile. Dar le Máirín Ní Mhuiríosa féin, bhí an príomhthéama ann soiléir go leor:

... an uanaíocht nó an casadh a bhíonn ar siúl de shíor in intinn an duine idir an peaca agus an aithrí ....

Is é sin, cé nach sna focail seo a dúirt sí é, gur le seánra na n-aigh-

neas san a shíolraíonn go bunúsach ón *Dialogus inter Corpus et Animam* ar cheart an dán seo a shuíomh.

Cuid eile d'iomas Mháirín Ní Mhuiríosa ar deineadh neamhaird de ba ea an ráiteas seo a leanas uaithi:

Is rí-shuimiúil 'Cnoc Melleri' do chur i gcomparáid le 'Ash Wednesday', dán le T. S. Eliot. Tá an bun-ábhar ceanainn céanna ag an dá dhréacht, ach aimsíonn Eliot an t-ábhar san ar a mhalairt de dhóigh ar fad.

Má thug scoláirí na Gaeilge an chluas bhodhar don gcomparáid rí-shuimiúil seo, níor thógtha san orthu ag an am, óir go ceann tamaill ina dhiaidh sin féin, b'fhearr le léirmheastóirí an Bhéarla fanúint glan ar dhán Eliot, ar a dhoiléire:

The six parts constitute a complex stylistic moment in a continuous spiritual journey, and yet, after almost seventy years of reading and explicating, critics still leave it in exasperation.<sup>22</sup>

An té a raghadh i ngleic leis an dtaighde is déanaí ar dhán Eliot, áfach, d'aithneodh sé gur suimiú paiteanta a ndeirtear faoi ar dhán an Ríordánaigh chomh maith:

... it predicates a conflict between the values of flesh and spirit, the one objectified as sensuous memories of a buried life, the other as a state of striving towards the grace of union with the Word.

A complex of guilt, remorse, and contrition.

The personal drama of a soul struggling with desire, memory and will while pursuing the way.

The vivid struggles with despair and appetency.<sup>23</sup>

Tá baint ag saothar Dante leis an dá dhán: buaicphointe óráid an ego sa dán thuas agus mar bhuninspioráid le hoilithreacht Eliot in 'Ash-Wednesday'. Seo mar deir Eliot, ag déanamh beag is fiú dá iarracht féin, faoi mar ba nós leis an Ríordánach:

... the *Vita Nuova* ... seems to me a work of capital importance for the discipline of the emotions; and my last poem 'Ash Wednesday' is really a first attempt at a sketchy application of the philosophy of the *Vita Nuova* to modern life.<sup>24</sup>

Tá rá a bhéil féin againn ó Eliot chomh maith a dhearbhaíonn an diminsean faoistiniúil pearsanta sa dá dhán:

I am one whom this sense of void tends to drive towards asceticism or sensuality, and only Christianity helps to reconcile me to life, which is otherwise disgusting.<sup>25</sup>

I gcás Eliot, faoi mar a bhí i gcás Dante, fáisctear na héachtaintí fileata as an dtaithí phearsanta – 'There is always a foundation of personal human feeling' a mhaíonn Eliot féin faoi Dante, agus is é cúram na critice, dar leis, athcheangal a dhéanamh idir an duine a

fhulaingíonn agus an aigne a chruthaíonn, 'to reconnect the man who suffers with the mind which creates'.<sup>26</sup> I gcás an Ríordánaigh tá an obair sin déanta go críochnúil snasta ag Seán Ó Coileáin sa bheathaisnéis liteartha, *Seán Ó Ríordáin, Beatha agus Saothar*.

Níorbh é 'Ash-Wednesday' iomlán scéal athshlánaithe Eliot, áfach. Níorbh ann ach céim na haithrí ar an mbóthar san aige a chríochnaíonn le gairdeas an aiséirí in 'Four Quartets', mar a bhfaightear suaimhneas is síocháin agus mar a gcaithear súil chumhúil siar ar bhlianta lándóchais na soineantachta, sna línte seo:

Footfalls echo in the memory,  
Down the passage which we did not take,  
Towards the door we never opened  
Into the rose-garden.

Ba ar na línte draíochtúla céanna a bhunaigh Seán Ó Ríordáin a aeistéitic liteartha sa réamhrá cáiliúil le hEireaball Spideoige, agus dála Eliot a ghaibh tríd an bhfásach spioradálta céanna go bhfuair radharc ar thír tairngire, b'fhéidir a mhaíomh gur bhlaís an Ríordánach de chorp misteach na cruinne, lá is faide anonn, sa dán diamhair draíochtúil, 'Ní Ceadmhach Neamhshuim',<sup>27</sup> dán lán de dhaonnacht, de charthannacht, iomann in ómós na cruinne.

Ar a shon go mba dheacair ón bhfianaise thuas, gan fianaise lom na dialainne a chur sa mheá in aon chor, tionchar Eliot ar shaothar crutaitheach an Ríordánaigh a shéanadh, b'fhéidir, is dóigh liom, foinsé níos giorra do bhaile a lua le buninspioráid 'Cnoc Meller', mar atá, saothar úrscéalaíochta Canon Sheehan. Tharlódh go raibh

leabhair de chuid Sheehan ina measc san a chuir a mháthair chuige nuair a bhí sé i Leitir Fraoigh (Heatherside), Dún ar Aill, muna raibh saothar an tsagairt pharóiste féin ar fáil i leabharlann an tsanatóra, fianaise eile, más fíor, i gcás an Ríordánaigh, go bhfuil an saol a bhí laistiar de na focail dulta sna focail.

In *My New Curate* faighimid ceann de mhórphrionsabail réamhrá Eireaball Spideoige, agus an fhealsúnacht atá laistiar de roinnt mhaith dá iarrachtaí filíochta:

There is nothing human that does not interest me. All the waywardness of humanity provokes a smile; there is no wickedness so great that I cannot pity; no folly that I cannot condone; patient to wait for the unravelling of the skein of life till the great Creator willeth, meanwhile looking at all things *sub specie aeternitatis*, and ever finding new food for humanity in the barrenness of my own life.<sup>28</sup>

In *Luke Delmege* tagraítear don choimhlint idir umhlaocht an aithrígh agus sotal an ego:

I can understand prayer as an ecstasy of thought of the Infinite; an uplifting of soul to the spheres; a conscious merging of the *Ego* in the *All*. But your everlasting whinings for mercy, your prayers against the laws of Nature, are unintelligible. And as for penance, what is it but the delight of pain – the subtle, emotional suffering that bathes the self-conscious flagellant in the ecstasy of bliss?<sup>29</sup>

Is in *The Graves of Kilmorna*, áfach, i bpearsa Myles Cogan, a fhaighimid eiseamláir thús, lár agus dheireadh *Cnoc Mellerí*:

Since his last visit to the Cistercian Abbey at Mount Mellery the imagination of Myles Cogan had been haunted by a vision ... Just after supper, and when the last bells were ringing for Compline, he had formed one of the group of men who passed from the sunshine of the hall into the sudden gloom of the cloister on their way to the Church. The contrast between the very brilliant light of the setting sun, which flooded the hall and the dim twilight of the corridor, was startling enough; but what caught Myles' imagination was the figure of a monk in choir dress standing, his back turned towards the visitors, still and silent, and looking out into the quadrangle .... The following day, the genial lay brother, who was in attendance on the guests, said to Myles: 'I suppose you'll be going to Confession?'

'O course,' said Myles ....

'Tell me,' said the monk, after a long pause, 'what brought you up here?'

'To make a short retreat and a long confession,' said Myles. 'But why didn't you go to Dublin, to Cork, to Limerick?' said the monk. 'There are Houses of Retreat in these places; and wiser and better confessors than you will find here.'

'It was the Mountain,' said Myles, 'and the solitude, and that spire, and the chanting of the monks, and their austere lives ...'

The monk stretched out his hand, which Myles grasped. He

seemed to wish to detain the monk further; but the latter glided away silently, and Myles felt very much alone.<sup>30</sup>

Ar a shon gur thug 'Cnoc Mellerí' an duais ceithre phunt leis ag comórtas filíochta an Oireachtais sa bhliain 1946, baineann an dán le tréimhse na bearna sa dialann, 1944-47. Murab ionann agus cuid mhaith eile d'iarrachtaí filíochta an Ríordánaigh, mar sin, a bhfeidhmíonn an bheathaisnéis féin mar thráchtairacht leo, caithfeadh dul i dtuilleamaí fhianaise an dáin féin sa chás seo d'fhonn dálaí na ceapadóireachta a chur isteach. As a bhfuil ráite thuas againn mar sin, faoi shéanra, faoi chúla, faoi fhoinní 'Cnoc Mellerí', agus na cosúlachtaí stíle idir é agus 'Adhlacadh mo Mháthar' thuairimeoinn gurb é Carghas na bliana 1945 nó 1946 atá i gceist ann, rud a fhágann gur túsce de bhliain 'an súpán seo filíochta' ná na 'ranna beaga bacacha' san ó 1947 a chuir casadh nua i bhfilíocht na Gaeilge.

#### Tagairtí

<sup>1</sup> *Eireaball Spideoige* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1952) lgh 64-67.

<sup>2</sup> Wittkower, Rudolf, *Art and Architecture in Italy, 1600-1750* (Hamondsworth agus Baltimore: Penquin, 1958) lch 30.

<sup>3</sup> Hutchinson, F. E. (eag.), *The Works of George Herbert* (Oxford: Clarendon Press, 1941) lch 153.

<sup>4</sup> Féach, Martz, Louis, *The Poetry of Meditation* (New Haven: Yale University Press, 1954) lch 2.

<sup>5</sup> *Id.*, lch 39.

<sup>6</sup> *Brosna* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1964), lch 13.

<sup>7</sup> Féach, Mulchrone, Kathleen, *Caithréim Cellaig* (Baile Átha Cliath: Dublin Institute for Advanced Studies, 1971) lch 11.

<sup>8</sup> Féach, *Filí faoi Sceimhle* (An Dara hEagrán. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1984) lch 12.

- <sup>9</sup> Féach, *Lia Fáil III* (1930), lgh 37-86.
- <sup>10</sup> 'Oileán agus Oileán Eile', *Eireaball Spideoige*, lch 79.
- <sup>11</sup> *Seán Ó Ríordáin agus 'An Striapach Allúrach'* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1988) lch 16.
- <sup>12</sup> Jeffares, Norman (ed.), *Poems of W. B. Yeats* (London: Macmillan, 1984) lch 98.
- <sup>13</sup> Margoliouth, H. M (ed.), *The Poems and Letters of Andrew Marvell*, Vol. 1, (Oxford: Clarendon Press, 1952) lch 9.
- <sup>14</sup> Pádraig Denn, *Aighneas an Pheacaigh leis an M-Bás* (Port Láirge: Harvey and Co., 1899) lch 10.
- <sup>15</sup> Féach, Ó Tuama, 'D. Ó Corcora agus Filíocht na Gaeilge', *Studia Hibernica* 5 (1965) lch 41.
- <sup>16</sup> De Brún, Pádraig, *Coiméide Dhiaga Dante* (Baile Átha Cliath: Mac an Ghoill, 1963) lgh 12-13.
- <sup>17</sup> Martz, lgh 129-130.
- <sup>18</sup> Féach, O'Rahilly, Thomas F., *Measgra Dánta* (Corcaigh: Cork University Press, 1927) lch 160.
- <sup>19</sup> Féach, *Féar Suaithinseach* (Maigh Nuad: An Sagart, 1984) lch 81.
- <sup>20</sup> Féach, *Brosna* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1964) lgh 41, 25.
- <sup>21</sup> Féach, *Feasta*, Meán Fómhair, 1950, lgh 19-21.
- <sup>22</sup> Féach, Grover Smith, *T. S. Eliot's Poetry and Plays* (Chicago: Chicago University Press, 1974) lch 136.
- <sup>23</sup> Féach, Schuchard, Ronald, *Eliot's Dark Angel* (New York: Oxford University Press, 1999) lgh 153, 155, 157.
- <sup>24</sup> *Id.* lch 150.
- <sup>25</sup> *Id.* lch 152.
- <sup>26</sup> *Id.* lch 151.
- <sup>27</sup> Féach, *Linte Liombó* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1971) lch 40.
- <sup>28</sup> *My New Curate* (Baile Átha Cliath: Phoenix, gan dáta) lch 123.
- <sup>29</sup> *Luke Delmege* (London: Longmans, 1919), lch 256.
- <sup>30</sup> *The Graves of Kilmorna* (Baile Átha Cliath: Phoenix, gan dáta) lgh 331-341.